Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12859/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0266(NLE)

TRANS 383
RELEX 1163

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. 3/2025
ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN
MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar[1] agus go háirithe Airteagal 7(2) de,

[1] IO AE L 179, 6.7.2022, lch. 4,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin (‘an Comhaontú’), cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024. An 20 Meitheamh 2024, leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú[2], modhnaíodh agus cuireadh síneadh breise leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus an fhéidearthacht ann athnuachan intuigthe a dhéanamh a dhéanamh air ar feadh tréimhse eile 6 mhí. Rinneadh an Comhaontú a athnuachan go hintuigthe go dtí an 31 Nollaig 2025.

(2) De bhun Airteagal 7(2) den Chomhaontú, táthar leis an gComhchoiste a thionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.

(3) Leanann an tAontas agus an Úcráin de thairbhe a bhaint as éifeachtaí dearfacha an Chomhaontaithe, trí iompar lasta de bhóthar a éascú idir an tAontas agus an Úcráin agus tríd an Úcráin. Is tacaíocht bhunriachtanach anois é an Comhaontú do fheidhmiú éifeachtach na Lánaí Dlúthpháirtíochta.

(4) Ba cheart leanúint leis Chomhaontaithe a thuiscint mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint leis an gComhaontú go dtí an 31 Márta 2027.

---

[2] IO AE L, 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.

(6) Seolfaidh an Coimisiún Eorpach staidéar ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar ina bhféachfar freisin ar ábhair imní maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, atá le cur i gcrích faoin 30 Samhain 2026.

(7) Ba cheart aon leanúint breise a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil a bheith déanta maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse an iompair lasta de bhóthar faoin 30 Samhain 2026. Ba cheart ailíniú reachtaíocht na hÚcráin dea-fheidhmiú an iompair lasta de bhóthar a éascú faoin gComhaontú seo agus ba cheart é a dhéanamh i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais atá ar siúl faoi láthair, ar cuireadh tús léi an 14 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leanúint leis an gComhaontú*

1. Leis seo, leantar leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar go dtí an 31 Márta 2027.

2. Ba cheart aon fhadú breise a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil a bheith déanta maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse an iompair lasta de bhóthar mar a leagtar amach san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*

**Foscríbhinn**

Cinneadh Uimh. 3/2025 ón gComhchoiste

a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar

an …

a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú

| *Acquis* AE le bheith trasuite ag an Úcráin* | Bunús dlí an Aontais | Cur chun feidhme dlíthiúil | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar a bhunú a chomhlíonann sonraíochtaí an Aontais | Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009<br>Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún. | Reachtaíocht na hÚcráine<br>Cinneadh féideartha ón gComhchoiste maidir le mórsháruithe | |
| Coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas bunaíochta | Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 | Reachtaíocht na hÚcráine | |
| Coinníollacha a bhaineann le ceanglais maidir le dea-cháil | Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 | Reachtaíocht na hÚcráine | |

| *Acquis* AE le bheith trasuite ag an Úcráin[*] | Bunús dlí an Aontais | Cur chun feidhme dlíthiúil | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Feithiclí nuachláraithe san Úcráin ón 1 Iúil 2026 amach agus a oibríonn faoin gComhaontú chun tacagraf cliste leagan 2 a fheistiú orthu | Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014. | Reachtaíocht na hÚcráine<br>Cinneadh féideartha ón gComhchoiste | Le Cinneadh 2/2025 ón gComhchoiste, déantar formhór an *acquis* tacagraif a thrasuí cheana féin. |
| Iarfheistiú tacagraif chliste leagan 2 ar chabhlach na hÚcráine a oibríonn faoin gComhaontú agus nach bhfuil faoi réir an cheanglais a bhí ann roimhe sin | Airteagal 3(4) agus Airteagal 3(4a) de Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 165/2014. | Reachtaíocht na hÚcráine | Le Cinneadh 2/2025 ón gComhchoiste, trasuitear formhór an *acquis* maidir le tacagraif cheana féin.<br>Cuirfear infhaighteacht agus acmhainneacht na gceardlann agus na hoiliúna pearsanra san áireamh sa mheasúnú ar an mbeart seo. |

| *Acquis* AE le bheith trasuite ag an Úcráin* | Bunús dlí an Aontais | Cur chun feidhme dlíthiúil | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Ailíniú le forálacha an Aontais maidir le tréimhsí tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe | Airteagail 6 go 9 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 arna leasú le Rialachán (AE) 2020/1054 | Reachtaíocht na hÚcráine | Ní áireofar leis sin an nasc le modúl sóisialta IMI. |
| Ailíniú le forálacha an Aontais maidir le hamanna oibre | Treoir 2002/15/CE | Reachtaíocht na hÚcráine | Ní áireofar leis sin an nasc le modúl sóisialta IMI. |

* Chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na meithle *ad hoc* arna bhunú le hAirteagal 7A den Chomhaontú:

– tuarascáil tosaigh maidir le stádas an chur chun feidhme faoin 30 Eanáir 2026;
– measúnú ar dhul chun cinn an ailínithe faoin 31 Bealtaine 2026;
– measúnú breise ar dhul chun cinn an ailínithe faoin 30 Samhain 2026.